Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/90559

17.9.2024

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 330 an 23 Nollaig 2022)*

Ar leathanach 38, Airteagal 46, mír 1:

*in ionad:* '1. Foilseoidh an Coimisiún, ar a dhéanaí an 12 Eanáir 2026, agus tabharfaidh sé treoirlínte cothrom le dáta go rialta ina dhiaidh sin maidir leis an méid seo a leanas:'

*léitear:* '1. Foilseoidh an Coimisiún, ar a dhéanaí an 13 Eanáir 2026, agus tabharfaidh sé treoirlínte cothrom le dáta go rialta ina dhiaidh sin maidir leis an méid seo a leanas:'.

Ar leathanach 39, Airteagal 47, mír 4:

*in ionad:* '4. Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh faoin 12 Iúil 2023.'

*léitear:* '4. Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh faoin 13 Iúil 2023.'.

Ar leathanach 42, Airteagal 50, mír 2:

*in ionad:* '2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 49(1) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 12 Eanáir 2025.'

*léitear:* '2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 49(1) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 13 Eanáir 2025.'.

Ar leathanach 42, Airteagal 50, mír 3, an chéad abairt:

*in ionad:* '3. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 49(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 12 Eanáir 2025.'

*léitear:* '3. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 49(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 13 Eanáir 2025.'.

Ar leathanach 43, Airteagal 52, mír 2:

*in ionad:* '2. Faoin 13 Iúil 2026 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a chleachtas maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 4, 5, 6 agus 9, agus na tairseacha maidir le fógra a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 20(3), Airteagal 28(1) agus (2), agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi, i gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin. I gcomhthéacs a athbhreithnithe, tuairisceoidh an Coimisiún ar fhorbairtí sa chaidreamh idirnáisiúnta maidir le córais rialaithe fóirdheontais tríú tíortha.'

*léitear:* '2. Faoin 14 Iúil 2026 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a chleachtas maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 4, 5, 6 agus 9, agus na tairseacha maidir le fógra a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 20(3), Airteagal 28(1) agus (2), agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi, i gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin. I gcomhthéacs a athbhreithnithe, tuairisceoidh an Coimisiún ar fhorbairtí sa chaidreamh idirnáisiúnta maidir le córais rialaithe fóirdheontais tríú tíortha.'.

Ar leathanach 43, Airteagal 53, míreanna 1 go 4:

*in ionad:* '1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fóirdheontais eachtracha a deonaíodh le linn na 5 bliana roimh an 12 Iúil 2023 i gcás ina saobhtar, le fóirdheontais eachtracha den sórt sin, an margadh inmheánach tar éis an 12 Iúil 2023.

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a deonaíodh sna 3 bliana roimh an 12 Iúil 2023 i gcás inar deonaíodh na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais sin do ghnóthas a thugann fógra faoi chomhchruinniú nó a thugann fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí de bhun an Rialacháin seo.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le comhchruinnithe ar cuireadh an comhaontú i gcrích ina leith, a fógraíodh an tairiscint phoiblí ina leith, nó a bhfuarthas leas rialaithe ina leith roimh an 12 Iúil 2023.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí soláthair phoiblí a deonaíodh nó nósanna imeachta soláthair phoiblí a tionscnaíodh roimh an 12 Iúil 2023.'

*léitear:* '1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fóirdheontais eachtracha a deonaíodh le linn na 5 bliana roimh an 13 Iúil 2023 i gcás ina saobhtar, le fóirdheontais eachtracha den sórt sin, an margadh inmheánach tar éis an 13 Iúil 2023.

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a deonaíodh sna 3 bliana roimh an 13 Iúil 2023 i gcás inar deonaíodh na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais sin do ghnóthas a thugann fógra faoi chomhchruinniú nó a thugann fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí de bhun an Rialacháin seo.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le comhchruinnithe ar cuireadh an comhaontú i gcrích ina leith, a fógraíodh an tairiscint phoiblí ina leith, nó a bhfuarthas leas rialaithe ina leith roimh an 13 Iúil 2023.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí soláthair phoiblí a deonaíodh nó nósanna imeachta soláthair phoiblí a tionscnaíodh roimh an 13 Iúil 2023.'.

Ar leathanach 44, Airteagal 54, míreanna 2 go 4:

*in ionad:* '2. Beidh feidhm aige ón 12 Iúil 2023.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 47 agus 48 ón 11 Eanáir 2023 agus beidh feidhm ag Airteagal 14(5), (6) agus (7) ón 12 Eanáir 2024.

4. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 21 agus 29 ón 12 Deireadh Fómhair 2023.'

*léitear:* '2. Beidh feidhm aige ón 13 Iúil 2023.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 47 agus 48 ón 12 Eanáir 2023 agus beidh feidhm ag Airteagal 14(5), (6) agus (7) ón 13 Eanáir 2024.

4. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 21 agus 29 ón 13 Deireadh Fómhair 2023.'.